
# PÓSTAEIR MHATAMAITICE

## Pacáiste Tacaíochta







Pacáiste d'ábhar breise bunaithe ar na Póstaeir Mhatamaice a foilsíodh mar chuid den tsraith **Mata go Deo!**.

Tagraíonn na bileoga sa phacáiste seo do phóstaeir ar leith agus tógann siad ar ábhar na bpóstaer sin.

Tugtar múnlaí agus leaganacha cainte don mhúinteoir ar ar féidir ceachtanna a bhunú.

Tá bileoga ar leith ann do na daltaí a chabhróidh leo an bhuntéarmaíocht féin agus an friotal nádúrtha Gaeilge a ghabhann léi sin a shealbhú ar shlí shimplí, chórasach, thaitneamhach.

Ábhar breise i dtaca le ceithre phóstaer atá sa phacáiste tosaigh seo, mar atá:

1. **Laethanta na Seachtaine**
2. **Míonna na Bliana**
3. **Rudaí a Chomhaireamh 1 (1-10 Ceann)**
4. **Rudaí a Chomhaireamh 2 (1-10)**
5. **Daoine a Chomhaireamh (1-10)**
6. **Na hOrduimhreacha (1-10)**
7. **Rudaí a Chomhaireamh 3 (11 - 20 Ceann)**
8. **Rudaí a Chomhaireamh 4 (11-20)**













Ar fáil le híoslódáil saor in aisce ar leathanach gréasáin an Ghúim:


www.angum.ie/aiseanna-bunscoil/

An Gúm

# Conas úsáid a bhaint as an bpacáiste seo.

## BILEOGA AN MHÚINTEORA

Tá an t-ábhar seo mar aon leis na bunphóstaeir ar fáil le híoslódáil saor in aisce ar shuíomh gréasáin an Ghúim:
http://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum/aiseanna-bunscoil/postaeir-mhatamaitice/




Tá ábhar gach sraithe bunaithe ar phóstaer ar leith.




Tá na bileoga ar fad dathchódaithe.

Dath gorm ar bhíonn ar bhileoga an mhúinteora.

Dath glas a bhíonn ar bhileoga an dalta.

Ar an gcéad bhileog de gach sraith tugtar múnlaí cainte bunaithe ar an bpóstaer atá i gceist.

I bhfoirm ceisteanna agus freagraí a bhíonn na múnlaí cainte. Cabhróidh sé sin leis an múinteoir ceacht a bhunú ar an ábhar agus cabhróidh leis an dalta an t-ábhar a shealbhú.






An Gúm

# Conas úsáid a bhaint as an bpacáiste seo.


## BILEOGA AN MHÚINTEORA





Nuair is cuí tarraingítear aird go ciúin ar aon athraithe tábhachtacha a thagann ar fhocail i gcomhthéacsanna éagsúla.

Leagtar amach ábhar an mhúinteora i bhfoirm ceisteanna agus freagraí.

Féachtar le gach athróg agus féidearthacht maidir leis an litriú a chuimsiú. Tarraingítear aird go ciúin arís ar aon athraithe tábhachtacha a thagann ar fhocail i gcomhthéacsanna éagsúla.




Tugtar dhá rogha nuair is cuí:

- Freagraí fada i bhfoirm abairtí iomlána,

  **nó**

- Freagraí simplí gonta.


Ar bhileoga ar leith a thugtar na roghanna eagsúla sin agus féadfaidh an múinteoir iad a úsáid de réir mar is mian leis/léi.



# Conas úsáid a bhaint as an bpacáiste seo.

## BILEOGA AN DALTA


Leagtar ábhar an dalta amach ar an tslí chéanna arís i bhfoirm ceisteanna agus freagraí.







Tugtar nod don dalta faoi cé acu póstaer ar cheart dóibh féachaint air.




Fágtar spás don dalta chun an freagra ceart a scríobh isteach de lámh.




Mar a dhéantar i gcás ábhar an mhúinteora, tugtar dhá rogha nuair is cuí ar bhileoga éagsúla:

- Freagraí fada i bhfoirm abairtí iomlána,

  **nó**

- Freagraí simplí gonta.

